FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

Cén dochar a dhéanfadh ceann amháin?

Gearrscéal le Ciarán Mac an tSionnaigh

Ní raibh Mícheál riamh tugtha don ól. Bhlais sé deor de leann dubh a athar nuair a bhí sé níos óige, ach diomaite de sin níor bhac sé leis go fírinneach. Bhíodh i gcónaí riamh an-suim aige sa spórt. Peileadóir agus iománaí den chéad scoth ab ea é agus ba mhinic a d'úsáideadh sé é sin mar leithscéal leis an deoch a dhiúltú agus é amuigh le cairde.

Bhí a fhios ag a chairde go rí-mhaith gurbh é an spórt an chloch is mó ar a phaidrín ag Mícheál, is mar sin ní chuireadh siad mórán brú air deoch a bheith aige. Dhéanadh sé a sheacht ndícheall i gcónaí chomh maith maidir le cúrsaí scoile – d'éirigh go han-mhaith leis sna scrúduithe GCSE agus lean sé leis go hArd-Leibhéal. Bhain sé dhá A agus B amach agus leis an fhírinne a dhéanamh, thiocfadh leis a rogha rud a dhéanamh as sin amach.

In éadan mhianta a thuismitheoirí, shocraigh sé go nglacfadh sé bliain amach is go rachadh sé a thaisteal thart an domhain. Bhí a fhios aige go maith go dtiocfadh leis pilleadh ar chúrsaí staidéir i gcionn bliana, agus sin an rud a rinne sé go díreach. B'iontach an taithí a thóg sé agus é amuigh ar a thaisteal fud fad na cruinne. Ba mhó a d'fhoghlaim sé ná a d'fhoghlaimeodh taobh istigh de léachtlann.

D'fhoghlaim sé faoi chúrsaí an tsaoil agus b'ollmhór a d'fhorbair sé mar dhuine – tháinig sé ar ais le haibíocht is le heagna nach raibh coitianta i mbuachaillí eile ar chomhaois leis.

Shocraigh sé síos arís agus é ar ais i mBéal Feirste. Thosaigh sé ar chúrsa in Ollscoil na Banríona ag déanamh staidéir ar chúrsaí polaitíochta san Eoraip. Bhí sé ag baint an-taitneamh as an chúrsa, agus go fóill féin níor ghéill sé don ól.

Thosaigh sé a shiúl amach le cailín agus bhí ag éirí go han-mhaith leis ó thaobh cúrsaí acadúla de, cé nach raibh sé ach ina chéad bhliain. D'aithin a léachtóirí go raibh gealladh ar leith faoin mhac léinn seo is bhí siad uilig ar aon tuairim go mbeadh todhchaí gheal roimh an fhear óg seo. Agus bhí a thuismitheoirí an-sásta lena leithéid seo a chloisteáil.

Bhí an bhliain anois ag teacht ar ais san aimsir mhaith, ní raibh an samhradh ach thart an coirnéal agus bhí áthas an tsamhraidh le mothú in atmaisféar na cathrach, go háirithe thart ar cheantar na hollscoile.

Ba bheag duine nach raibh aoibh an gháire ar aghaidh acu, bhí gach duine ag siúl thart agus éadaí geala daite galánta an tsamhraidh orthu. Bhí spraoi agus sult san aer.

Bhí na páirceanna lán le daoine idir óg agus sean, cuid acu le cúpla canna beorach i mála acu. Ar ndóigh, bhí páistí beaga ag rith thart fán áit chomh maith is thiocfadh a rá nach raibh na daoine seo ina samplaí maithe dóibh, ach ní raibh siad ag déanamh mórán dochair is bhí an chuid is mó acu sásta glanadh ar shiúl ina ndiaidh.

Bhí Mícheál féin laistigh den halla scrúduithe. Ba é seo an chéad scrúdú aige – an chéad cheann de thriúr. Bhí sé i ndiaidh seachtain mhór staidéir a dhéanamh mar ullmhúchán don scrúdú seo. D'éirigh go han-mhaith leis sa scrúdú agus bhí sé an-mhuiníneach as féin.

Chríochnaigh sé thart fá leathuair sula raibh an t-am istigh. Bhí sé cinnte gur chlúdaigh sé gach rud sa scrúdú is nach dtiocfadh leis níos fearr a dhéanamh.

D'amharc sé siar arís is arís ar a raibh os a chomhair. Bhí sé cinnte go raibh grád maith saothraithe aige anseo. Bhí sé ina shuí ansin is thiocfadh leis píosa beag den spéir gheal ghorm a fheiceáil amach an fhuinneog ag barr an halla. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Rachadh sé chun na páirce ina dhiaidh seo le scíste bheag a thabhairt dó féin – bhí sé tuillte aige is ní raibh an chéad scrúdú eile ar siúl go ceann seachtaine.

Chuaigh sé chun na páirce le slua cairde i ndiaidh an scrúdaithe. Thug sé leis liathróid a fuair sé ón teach ar a bhealach. Chuaigh an chuid eile acu chun an eischeadúnais ar dtús le deoch bheag, mar a thug siad féin uirthi, a fháil. Bhuail siad uilig lena chéile arís i gcúinne s'acu féin ag cúl na páirce. Lá breá a bhí ann.

Ní raibh cúis imní ar éinne acu anois is ní bheadh go ceann seachtaine. Bhí an ghrian amuigh is bhí siad ag baint ceol as an lá. Chaith cuid acu, Mícheál san áireamh, tamall ag ciceáil na liathróide thart ach bhí sé róthe. D'éirigh siad tuirseach is thit siad go talamh, ina luí ansin ag sú isteach na gréine.

Lá te a bhí ann cinnte. Bhí an tart ag teacht ar Mhícheál. D'amharc sé thart air féin. Ba bheag duine nach raibh deoch mheisciúil acu. Bhí buidéal mór uisce aige féin, ach ní raibh sé sin ábalta an tart seo a shásamh dó.

Bhí deoch uaidh. Bhí sé ábalta a shamhlú cén dóigh a mblaisfeadh braon fuar beorach ar a theanga ar lá samhraidh mar seo. "Dom canna beorach ansin, a Liam, le do thoil," ar seisean lena chara.

"Sure ní ólann tú, cad a dhéanfas tusa le canna beorach?" agus Liam ag gáire leis.

"Cén dochar a dhéanfadh ceann amháin?" arsa Mícheál agus thug a chara canna dó.

Bhí an chéad bhlaiseadh sin go díreach mar a shamhlaigh sé go mbeadh sé. Bhí sé fuar agus fiáin. Séideadh beatha isteach ina bhéal sa chéad bhlaiseadh sin amhail is dá mbeadh cóisir ar siúl istigh ann.

Ní raibh a fhios aige cad a bhí ag teacht air. Bhíodh sé in ann an diabhal deoch seo a sheachaint leis na blianta nuair a bhíodh a chuid cairde ag géilleadh di. Bhíodh seisean i gcónaí níos láidre, ábalta í a dhiúltú.

Ach anois ba chosúil dó gur aimsigh sé an domhan nua rúnda seo. Bhí sé ag cailleadh amach air seo leis na blianta anois agus níor thuig sé cad chuige. Bhíodh sé i gcónaí róbhuartha fá chúrsaí scoile nó faoi chúrsaí spóirt. Ach anois, ní raibh air bheith buartha fá dtaobh de rud ar bith. Ba é seo an faoiseamh a bhí tuillte aige. D'ól sé siar an chéad channa agus d'ól leis, ag coinneáil suas le luas a chairde.

Tháinig an mheisce air sular tháinig sé ar dhuine ar bith eile sa chomhluadar. Bhí sé ag déanamh rudaí amaideacha, ag titim anuas is ag mungailt a chuid cainte. Ba chúis magaidh é i dtosach báire dá chuid cairde, iadsan ag gáire nuair a thitfeadh sé.

Ach níorbh fhada gur éirigh Liam buartha fá dtaobh de. Bhí giota céille aigesean go fóill is d'iarr sé air dul abhaile. Ach níor theastaigh sé ó Mhícheál dul abhaile, bhí an chraic aige anseo. D'fhan sé agus d'ól níos mó.

Bhí an ghrian ag dul faoi anois agus bhí gach duine súgach. Bhí Mícheál glan ar meisce. Ní thiocfadh leis ciall a dhéanamh dá chuid focal. Ní thiocfadh leis seasamh fiú mar is ceart. Arís d'iarr Liam ar a chara dul abhaile, bhí sé ag impí air dul abhaile – bhí a sháith ólta aige agus níos mó ar a bharr sin.

Bhí an t-ól ag dul go cloigeann ar Mhícheál cinnte anois is d'éirigh sé feargach leis an fhear seo a bhí ag iarraidh beag a dhéanamh de. "Cé thusa le bheith a rá liomsa go bhfuil mo sháith agam? Imigh leat!" agus bhrúigh sé a chara amach as a bhealach. Thug sé faoi deara go raibh gach duine eile sa chomhluadar dá mhagadh faoin am seo. "Don diabhal libh uilig!" agus d'imigh sé leis, ach níor chun na bhaile a chuaigh sé.

Ba iad siúd na focail dheireanacha a chuala Liam óna dhlúthchara. Bhí aiféala an domhain air nach ndearna sé an méid ba mhó ab fhéidir leis lena chara a chur chun an bhaile slán sábháilte. Thiocfadh leis siúl in éineacht leis le cinntiú go raibh sé ar ais sa teach.

Thiocfadh leis glaoch a chur ar a thuismitheoirí. Bhí na smaointe seo uilig ag rith trína chloigeann, ciontacht imeachtaí na hoíche sin dá chrá. Ach cén dóigh a mbeadh a fhios aigesean go rachadh sé i dtreo na habhann? Cén dóigh a mbeadh sé ag dúil go dtitfeadh a chara isteach san uisce ar an oíche chinniúnach sin.

Anois agus Liam ina shuí san otharlann anseo os comhar a charad, bhí na ceisteanna seo ag troid lena chéile ina inchinn. Níl sa seomra ach é féin, Mícheál ina luí ar an leaba gan chiall gan chéadfaí, agus muintir Mhíchil. Níl le cloisteáil ach bípeanna na n-inneall atá ceangailte dá chara. Is beag a thugann Liam faoi deara fiú nuair a bhristear an ciúnas agus teacht isteach an dochtúra. Ní chloiseann sé go díreach an rud a deir sé le máthair a charad, ach músclaíonn sé de phreab nuair a chloiseann sé scread mhillteanach thaibhseach na mná boichte seo.

Ní leagfaidh a mac óg, nach bhfuil ach scór bliain aige ar an domhan seo, cos ar thalamh arís. Ní thiocfaidh focal eile amach as a bhéal go deo na ndeor. Ní bheidh sé ábalta fiú béile a ithe leis féin. Fágadh pairilis air. Cén dochar a dhéanfadh ceann amháin, maise!